# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL
## (300 marc)

DÉ LUAIN, 24 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:
  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Déan cur síos ar fhulaingt na nAithneach le linn na Plá in 430 R.Ch. (20)
(b) Cén cineál iompair aindleathach a ndéanann Túicídidéas cur síos air le linn na Plá? (20)
(c) Cad ia na slite inar thug an Phlá ar roinnt Aithneach a dtréithe is fearr a léiriú? (10)

(ii) In 427 R.Ch. bhí díospóireacht sa Chomhthionól Aithneach chun breith a thabhairt ar chinniúint Mhitiléiné a d'éirigh amach i gcoinne na hAithne.
(a) Cé na hargóintí a d'úsáid Cléón chun a áitiú ar na hAithnigh pobal iomlán fireann Mhitiléiné a chur chun báis? (35)
(b) Cén chaoi ar éalaigh Mitiléiné ón bpionós uafásach sin? (15)

(iii) In 418 R.Ch. fuair na Spartaigh faoin Rí Agis an lámh in uachtar ar na hAithnigh i gCath Mantinea.
(a) Tabhair cuntas ar an gcath. (40)
(b) Cén fáth a raibh an bua seo chomh tábhachtach do Agis? (10)

(iv) Scríobh notaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:
Archidamus, An Rí Spartach; Peiricléas, an polaiteoir Aithneach; Cléó, an ginearál agus an polaiteoir Aithneach. (25, 25)

---

### Topic 2. Alastar Mór

(i) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
An tSnaidhm Ghoirdiach; Loscadh na Peirséapoile; Carraig Aornos. (25, 25)

(ii) (a) Cén fáth ar shocraigh Alastar ar éadaí agus nósanna na Peirse a ghlacadh chuige féin? (20)
(b) Déan cur síos ar conas mar a d'fhreagair na Macadónaigh dó sin. (30)

(iii) In 328 R.Ch. mharaigh Alastar Cléiteas, ar dhuine dá oifigigh shinsearacha é.
(a) Tabhair cuntas ar an achrann fhoréigneach as ar tháinig bás Chléiteas. (35)
(b) Cad é do thuairim faoin bpáirt Alastar san eipeasóid sin? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar bhuail Alastar bob ar Phóras,an Rí Indiach, agus ar an gcaoi ar éirigh leis Abhainn Hiodaispéas a thrasnú in 326 R.Ch. (35)
(b) Céard a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Alastair óna iompar le linn agus i ndiaidh Chath Hiodaispéas? (15)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Beatha Chaesair* le Plútarc, cad iad na tréithe de chuid Chaesair a thaitníonn leat? Mínigh do fhreagra. (30)

(b) Cé na tréithe de chuid Chaesair nach dtaitníonn leat? Mínigh do fhreagra. (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus ina bhfuair Iúil Caesar an lámh in uachtar ar Phoimpéas. (30)

(b) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Poimpéas bás san Éigipt go luath i ndiaidh Chath Pharsalus. (20)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar chomhcheilg Chaitilíne. (40)

(b) Cén cinéal fir ab ea Caitilíne, dar le Sallaistias? (10)

(iv) (a) Cén dán le Catallus is mó a thaitníonn leat ar an gcúrsa? Mínigh cén fáth a dtaitníonn sé leat. (20)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta le Catallus ar do chúrsa, ar thaitin Catallus leat mar dhuine? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (30)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Déan cur síos ar an ról a ghlac Livia nuair a bhí a fear céile Ágastas i réim. (30)

(b) Déan cur síos achomair ar a caidreamh lena mac Tibir. (20)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
Iúilia (iníon Ágastas); Séánas (Maor Praetóireach); Gearmánacas (nia le Tibir)
(25, 25)

(iii) (a) Déan cur síos ar na cluichí agus ar na siamsaí a chuir Ágastas ar fáil i gcomhair mhuintir na Róimhe. (35)

(b) Cén fáth ar cheap Ágastas go raibh sé chomh tábhachtach sin siamsaíocht phoiblí a chur ar fáil, dar leat? (15)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar stíl mhaireachtála an Impire Tibir ar Oileán Caprí. (25)

(b) Cén fáth ar chuir scéal a bháis an oiread sin áthais ar mhuintir na Róimhe? (25)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Déan cur síos ar theacht le chéile Mhéidé agus an Rí Aegeus sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (30)

(b) Cén fáth a mbaineann an oiread sin tábhachta leis an radharc sin i bplota an dráma? (10)

(c) Céard a nochtann an radharc sin faoi charachtar Mhéidé? (10)

(ii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cén chaoi a dtéann cúrsaí i bhfeidhm ar Éideapús nuair a fhaigheann sé an fhírinne uafásach amach mar gheall air féin? (30)

(b) Cén chúis a thugann Éideapús nár mharaigh sé é féin nuair a thuig sé an fhírinne uafásach? (10)

(c) Ainmnigh gar amháin a iarrann Éideapús ar Chréón ag deireadh an drama. (10)

(iii) (a) Sa dráma *Méide* le hEoiripidéas, déan cur síos ar an gcaoi ar imir Méidé díoltas ar a fear céile, Iasón. (35)

(b) An raibh údar maith le gníomhartha Mhéidé, dar leat? (15)

(iv) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cén fáth ar chuir Éideapús fios ar an bhfáidh Tiresias? (10)

(b) Tabhair cuntas ar theacht le chéile Éideapús agus Tiresias. (30)

(c) Céard é a insíonn an teacht le chéile sin duit faoi charachtar Éideapús? (10)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, cérbh é Laocoon? (10)

(b) Cén chomhairle a chuir Laocoon ar na Tráigh faoin gCapall Adhmaid? (15)

(c) Déan cur síos ar bhás Laocoon. (25)

(ii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar conas a chuir Péinealaipé moill ar phósadh leis na Suirígh? (15)

(b) Cén chaoi a dtástálann Péinealaipé Odaiséas nuair a thugtar ar ais le chéile iad? (20)

(c) An raibh meas agat ar Phéinealaipé ? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar theacht le chéile Odaiséas agus an Cioclóp san *Odaisé* le Hóiméar. (35)

(b) An aontaíonn tú go dtaispeántar Odaiséas mar fhíorlaoch san eipeasóid sin? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) (a) San *Aeinéid* le Veirgil céard is gá do Aeinéas a dhéanamh sula féidir leis dul isteach sa Domhan Thíos? (10)

(b) Déan cur síos ar ar tharla nuair a chastar Aeinéas agus Díodó ar a chéile sa Domhan Thíos. (25)

(c) Nuair a chastar ar a chéile ann iad, céard a insíonn a athair, Anchises, d'Aeinéas faoin gcine Rómhánach sa todhchaí? (15)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) (a) 'Is minic ina chuid filíochta a bhíonn Proipeirtias céasta le héad agus is annamh sona é.' An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Mínigh do fhreagra. (35)

(b) Cén dán le Proipeirtias is mó a thaitníonn leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) San *Aeinéid* le Veirgil threoraigh an tSibil Aeinéas síos go dtí An Domhan Thíos.

(a) Déan cur síos ar na huafáis agus na harrachtaí a chastar orthu sa Domhan Thíos. (35)

(b) Cén míniú a thugann an tSibil ar phlódú na n-anamacha ar bhruach Abhainn na Stiocs? (15)

(iii) (a) Sa dán *Baucis agus Philemon* le hÓivid, déan cur síos ar a dtarlaíonn nuair a thugann Iúpatar agus Mearcair cuairt ar an tseanlánúin. (35)

(b) Cén chaoi a gcúitíonn na déithe Baucis agus Philemon as a bhflaithiúlacht? (15)

(iv) (a) I d'fhocail féin, inis scéal *An Leadránaí* le Horáit. (35)

(b) Ar thaitin an scéal sin leat? Mínigh do fhreagra. (15)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** Teampall Héire in Paestum.
Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** An Partanón san Aithin.

(a) Cén t-ord den Ailtireacht Ghréagach ina bhfuil na teampaill sin tógtha? (10)

(b) Ainmnigh na gnéithe le marcáil ***a, b*** agus ***c*** i **bhFótagraf A**. (15)

(c) Cé na bealaí a bhfuil an Partanón agus Teampall Héire difriúil lena chéile? (25)

(ii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** rilíf mhóideach.

(a) Ainmnigh an fhíor bhaineann sa rilíf sin. (10)

(b) Mínigh a bhfuil i gceist le "dealbhóireacht rilífe". (15)

(c) Cén fheidhm a d'fhéadfaí a bhaint as an bpíosa dealbhóireachta sin? (10)

(d) Céard tá taitneamhach faoin bpíosa dealbhóireacht sin, dar leat? (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** Kore.

(a) Cén fheidhm a d'fhéadfaí a bhaint as an bpíosa dealbhóireachta sin? (10)

(b) Cén tréimhse den Ailtíreacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh sin? (10)

(c) Cé na bealaí a bhfuil an dealbh sin ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse? (30)

(iv) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** dealbh cháiliúil Ghréagach.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa dealbhóireacht seo. (15)

(a) Conas atá an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil den Tréimhse Heilléanaíoch? (25)

(b) An dtaitníonn an dealbh sin leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Tabhair cuntas ar Fháthscéal na hUaimhe le Platón. (30)

(b) Céard a chiallaíonn an fáthscéal sin, dar leat? (20)

(ii) (a) Cén chaoi a gcosnaíonn Sócraitéas a mhaíomh gur féidir na hoibrithe a scriosadh le saibhreas agus le bochtanas? (30)

(b) Cén fáth a mbeidh a Stát Idéalach ábalta an lámh in uachtar a fháil ar stáit níos saibhre, dar le Sócraitéas? (20)

(iii) Sa *Poblacht* le Platón déanann Sócraitéas argóint go bhfuil na mná ar comhchéim chun na cineálacha difriúla oibre go léir a dhéanamh ina Stát Idéalach.

(a) Cé na hargóintí a úsáideann Sócraitéas chun a chás a chruthú? (35)

(b) An dtagann tú le tuairim Shócraitéas? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) (a) Cad iad na cineálacha ceoil agus amhránaíochta atá oiriúnach ina Stát Idéalach, dar le Sócraitéas? (20)

(b) Cé na cineálacha ceoil agus amhránaíochta a gcuirfeadh Sócraitéas cosc orthu ina Stát Idéalach? (20)

(c) An dtagann tú lena thuairimí ar an gceol? Mínigh do fhreagra. (10)

---


Topaic 10 → Thall

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** rilíf ó *Áirse Thíteas* sa Róimh.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phíosa dealbhóireachta sin. (20)

(b) Mínigh céard a chiallaíonn rilíf ard agus rilíf íseal. (15)

(c) Cén chaoi ar leag an dealbhóir béim ar thábhacht an Impire Títeas sa phíosa dealbhóireachta sin? (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** múnla de bhloc árasán in Ostia ársa.

(a) Tabhair cuntas ar an taobh amuigh den fhoirgneamh sin. (15)

(b) Cén fheidhm a bhaintí as an mbunurlár? (5)

(c) Cé na hábhair a úsáideadh nuair a tógadh an foirgneamh? (10)

(d) Ar mhaith leat é dá mbeifeá tar éis cónaí i mbloc árasán Rómhánach ar nós an chinn seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** plean de na Folcadáin Stáibiacha sa Phoimpé.

(a) Úsáid an plean seo chun cur síos iomlán a thabhairt ar na Folcadáin Stáibiacha. (30)

(b) Cén fáth a raibh an oiread sin éilimh ar fholcadáin dá leithéid? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** múrealaín as an bPoimpé.

(a) Ainmnigh an trí phríomhfhíor a léirítear sa saothar múrealaíne. (10)

(b) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa saothar múrealaíne. (15)

(c) An dtaitníonn an saothar múrealaíne sin leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (15)

(d) Tabhair sampla d’ábhar amháin eile a fhaightear i múrealaín Phoimpé. (10)

---